# QQI
# Plean Corparáideach

2024

Dearbhú Cáilíochta
agus Cáilíochtaí Éireann
Quality and
Qualifications Ireland

# CLÁR

RÉAMHRÁ .... 3

FÍS, MISEAN AGUS LUACHANNA .... 4

PLEAN CORPARÁIDEACH .... 5

ACRAINMNEACHA A ÚSÁIDTEAR SA PHLEAN CORPARÁIDEACH .... 15



# Réamhrá

**Is é seo an t-aonú phlean corparáideach déag a foilsíodh ó bunaíodh an eagraíocht i Samhain 2012, an chéad phlean a chuireann go díreach le tosaíochtaí, cumasóirí agus cuspóirí a leagadh amach inár Ráiteas Straitéise 2022-24.**

Tá raon leathan feidhmeanna reachtacha agus feidhmeanna eile maidir le cáilíochtaí agus dearbhú cáilíochta agus léiríonn an Plean Corparáideach an éagsúlacht seo. Tar éis achtú an Achta um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) (Leasú) 2019, bronnadh feidhmeanna breise ar  QQI, ar cuireadh tús le cuid acu in 2019 agus cuid eile ar cuireadh tús leo in 2024, lena n-áirítear tús a bheith curtha leis an bpróiseas iarratais ar an marc oideachais idirnáisiúnta. Tá sé de rún ag QQI ár dtosaíochtaí a bhaint amach mar a leanas: faisnéis agus deiseanna níos fearr a sholáthar d'fhoghlaimeoirí, rialáil neartaithe a chur i bhfeidhm chun foghlaimeoirí a chosaint, forbairt soláthraithe a thiomáint agus a spreagadh, agus anailís agus léargas údarásach a fhoilsiú ag baint úsáid as na príomhchumasóirí a bhaineann le comhpháirtíochtaí straitéiseacha a neartú chun athrú agus tógáil córais a chur i bhfeidhm agus sármhaitheas eagraíochtúil a bhaint amach. Táimid ag tnúth le bheith ag obair i gcomhar lenár bpáirtithe leasmhara i dtreo seachadadh rathúil na ngníomhaíochtaí atá sa Phlean Corparáideach 2024 agus ar sheachadadh na dtosaíochtaí agus na gcuspóirí atá inár Ráiteas Straitéise 2022-24.

# Fís, Misean agus Luachanna

## ÁR BHFÍS

Táimid tiomanta d'fhís d'Éirinn ina dtairgtear deiseanna éagsúla breisoideachais agus ardoideachais ar ardchaighdeán, a chuireann ar chumas foghlaimeoirí a lánacmhainneacht a bhaint amach trí cháilíochtaí a bhfuil luach orthu go forleathan sa bhaile agus i gcéin a bhaint amach.

## ÁR MISEAN

Táimid tiomanta d'fhís d'Éirinn ina dtairgtear deiseanna éagsúla breisoideachais agus ardoideachais ar ardchaighdeán, a chuireann ar chumas foghlaimeoirí a lánacmhainneacht a bhaint amach trí cháilíochtaí a bhfuil luach orthu go forleathan sa bhaile agus i gcéin a bhaint amach. Cothaímid muinín an phobail as cáilíocht, ionracas agus dea-cháil soláthraithe breisoideachais agus ardoideachais na hÉireann agus soláthraímid faisnéis údarásach ar an raon éagsúil cáilíochtaí atá san áireamh sa Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí.

## ÁR LUACHANNA

Bunaímid ár gcur chuige i leith ár gcuid oibre féin agus an tslí a oibrímid lenár ngeallsealbhóirí ar luachanna soiléire.

Creidimid go bhfuil freagracht i bpáirt againn le grúpaí eile chun muinín i gcáilíocht an oideachais agus na hoiliúna agus feabhsúchán leanúnach iontu a chinntiú. Creidimid gur fearr ár dtosaíochtaí agus ár gcuspóirí a bhaint amach trí chomhoibriú agus oibriú go cuiditheach lenár gcomhpháirtithe agus soláthraithe éagsúla. Is mór againn comhpháirtíochtaí ar mhaithe le leas frithpháirteach.

Geallaimid meas a léiriú ar oibiachtúlacht, trédhearcacht agus inbhuanaitheacht inár gcuid oibre. Is é sin an bonn lenár gcinnteoireacht agus lenár mbeartais, nósanna imeachta agus gníomhaíochtaí. Tá siad seo bunaithe ar fhianaise, agus ar dhea-chleachtas náisiúnta agus idirnáisiúnta, tá siad údarásach agus seoltar iad ar shlí ionraic atá trédhearcach agus trína gcothaítear muinín.

Geallaimid difríocht a dhéanamh dár gcomhpháirtithe, dár soláthraithe agus dár bpobail. Is mór againn an fhaisnéis, an léargas agus an tionchar -- an tslí a gcomhlíontar spriocanna agus cuspóirí as a leanann tionchar dearfach substaintiúil ar ár dtimpeallacht oibriúcháin. Is eagraíocht muid atá ag foghlaim. Táimid tiomanta don nuáil agus don bharrmhaitheas

# Plean Corparáideach 2024

| **Tosaíocht straitéiseach #eolas** – eolas agus deiseanna níos fearr d'fhoghlaimeoirí |
|---|
| Athbhreithniú agus feabhsú a dhéanamh ar an suíomh nua Qualifax agus feachtas bolscaireachta agus doiciméid threorach a fhorbairt. |
| An chéad chéim eile d'fhorbairt an IRQ a scóipeáil agus a thosú, lena n-áirítear faisnéis IEM, micreachreidiúintí agus naisc le bunachair shonraí Eorpacha a fhoilsiú. |
| Comhtháthú straitéiseach a dhéanamh ar acmhainní faisnéise QQI le tairseach aonair DFHERIS ar mhaithe le treoir ar feadh an tsaoil. |
| Páipéar plé a fhoilsiú ar mhicridhintiúir chun bonn eolais a dhéanamh do bhreithniú ar an ngá le gníomh rialála sa réimse seo. |
| ***Déanfaimid ár gcion chun a chinntiú gur féidir le foghlaimeoirí a n-acmhainneacht a bhaint amach laistigh den chóras breisoideachais agus ardoideachais trí mheas a dhéanamh ar cibé an gcloíonn soláthraithe le cur chuige náisiúnta i leith rochtana, aistrithe agus dul chun cinn agus an dtugtar an t-aitheantas cuí a thabhairt don réamhfhoghlaim*** |
| Tógfaimid ar ár gcaidreamh le geallsealbhóirí BOO agus AO, agus rannpháirtíocht idirnáisiúnta, chun raon feidhme doiciméid a leagan amach agus an doiciméad a fhoilsiú, ina leagfar amach cur chuige náisiúnta i leith aitheantas don réamhfhoghlaim san oideachas tríú leibhéal. |
| An Páipéar Bán maidir le Beartais agus Treoirlínte ATP a fhoilsiú agus comhairliúchán a dhéanamh air. |
| Comhóstálfaidh Éire, Ceanada agus na Stáit Aontaithe an 5ú Comhdháil Dhébhliantúil VPL, 'Daoine, bailíochtú agus cumhacht: daonlathas i ngníomh?', agus déanfaidh QQI cathaoirleacht air go náisiúnta, i gcomhar le páirtithe leasmhara i mBreisoideachais agus Oiliúna agus in Ardoideachas. Déantar iniúchadh sa chomhdháil, trí lionsa na dtreallúsóirí RPL reatha, ar cibé an bhfuil fás i gcleachtas bailíochtaithe ina fhianaise ar fhás sa daonlathas, agus más amhlaidh go bhfuil, ar an gcaoi ar fianaise é. Tá béim ar ról QQI sa mhéid seo don bhord. |
| ***Feabhsóimid roghanna agus deiseanna foghlaimeoirí trí raon méadaithe cáilíochtaí solúbtha, micrea-dhintiúir ina measc, a áireamh sa Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí.*** |
| Scéim Comhlachtaí Dámhachtana Liostaithe (LABanna) a oscailt, lena n-áirítear plean le haghaidh rolladh amach chuig LABanna ionchasacha agus tús a chur le hiarratais. |
| ***Déanfaimid ár gcion le cinntiú go gcuirfear ar a chumas do gach foghlaimeoir rochtain a fháil ar cháilíochtaí creidiúnaithe i dtimpeallachtaí foghlama atá oiriúnach dá riachtanais lena n-áirítear san ionad oibre*** |
| Tionscadal nua Europass EQF 2024-27 a phleanáil agus a chur i bhfeidhm. |

| |
|---|
| ***Beidh ról lárnach againn i gcinntiú go mbeidh rochtain ag foghlaimeoirí ar raon leathan clár nua printíseachta ar ardchaighdeán sa bhreisoideachas agus san ardoideachas*** |
| Tacú le SOLAS, NAO agus páirtithe leasmhara eile chun samhail printíseachta aonair, comhtháite a fhorbairt a chuimseodh na gnéithe is fearr den tsamhail cheardaíochta agus den tsamhail chuibhreannais araon. |

## **Tosaíocht straitéiseach # cosaint** – rialáil neartaithe a chur i bhfeidhm chun foghlaimeoirí a chosaint

| |
|---|
| ***Cosnóimid foghlaimeoirí trí fheasacht ar ionracas acadúil a chur chun cinn agus a chothabháil agus monatóireacht a dhéanamh orthu siúd atá ag iarraidh an bonn a bhaint de*** |
| Beartas rialála don ionracas don ionracas acadúil a fhoilsiú, tar éis comhairliúchán earnála. Tús a chur le cur i bhfeidhm an Bheartais um Ionracas Acadúil, bunaithe ar dhea-chleachtas idirnáisiúnta trí, inter alia:<br>• Rannpháirtíocht le rialtóirí is piaraí trí Mheabhráin Tuisceana atá ann cheana<br>• Rannpháirtíocht le rialtóirí is piaraí tríd an Líonra Domhanda um Ionracas Acadúil (GAIN). |
| Clár rannpháirtíochta Ionracais Acadúil a fhorbairt tuilleadh do sholáthraithe dámhachtainí QQI agus institiúidí ardoideachais eile le clár rannpháirtíochta tréimhsiúil le páirtithe leasmhara oideachais níos leithne, lena n-áirítear DFHERIS. |
| Tús a chur le rannpháirtíocht rialála ar ionracas acadúil le soláthraithe BOO; grúpa comhairleach FET a bhunú chun rialáil QQI a threorú, lena n-áirítear na Treoirlínte faoi ionracas acadúil a athbhreithniú, leasú agus a chur ar bhonn reachtúil. |
| An Líonra Dhomhanda um Ionracas Acadúil a leathnú agus leanúint de bhainistiú a dhéanamh air chun foilsiú ráitis chomhchoiteanna GAIN a áireamh, i gcomhpháirtíocht leis na comhbhunaitheoirí, TEQSA. |
| Leathnú a dhéanamh ar chaidrimh tuairiscithe agus ar ghníomhaíochta le hardáin fógraíochta agus foilsitheoireachta domhanda agus le páirtithe leasmhara eile a bhféadfaí a n-ardáin a úsáid chun caimiléireacht chonartha agus cineálacha eile calaoise acadúla a chur chun cinn. |
| An Líonra Náisiúnta um Ionracas Acadúil a bhainistiú, lena n-áirítear idirchaidreamh a dhéanamh leis an gcathaoirleach, tacú le soláthar oiliúna agus forbartha gairmiúla an líonra agus treoir a thabhairt maidir le forbairt agus cur i bhfeidhm acmhainní. Leanúint de tháirgeadh agus scaipeadh an nuashonraithe ráithiúil ar ionracas acadúil a bhainistiú, lena n-áirítear feabhsuithe a chur i bhfeidhm ar a fhormáid agus a ábhar. |
| Páirt a ghlacadh i meithleacha maidir le hintleacht shaorga agus bréagaisnéis agus i bhfóraim páirtithe leasmhara. |
| Feachtas cumarsáide Ionracais Acadúil faoi stiúir foghlaimeoirí a fhorbairt. |
| ***Déanfaimid measúnú agus monatóireacht láidir ar sholáthraithe príobháideacha maidir lena n-oiriúnacht chun dámhachtainí QQI a thairiscint agus slándáil a sholáthar dá bhfoghlaimeoirí trínár maoirseacht ar an gciste reachtúil um chosaint foghlaimeoirí.*** |
| An próiseas díchill chuí a chur i bhfeidhm, a chur ar fáil agus monatóireacht a dhéanamh air. |
| An scéim náisiúnta Cosanta d'Fhoghlaimeoirí Cláraithe a chur i bhfeidhm agus a bhainistiú ar aon dul le riachtanais agus tréimhsí ama reachtacha. |

| |
|---|
| ***Cabhróimid chun eispéireas foghlama ar ardchaighdeán a chinntiú d'fhoghlaimeoirí idirnáisiúnta tríd an Marc Oideachais Idirnáisiúnta a eisiúint do sholáthraithe ardoideachais agus do sholáthraithe mhúineadh an Bhéarla*** |
| Marc Oideachais Idirnáisiúnta: plean cumarsáide a chur i bhfeidhm agus imeachtaí gaolmhara a reáchtáil do pháirtithe leasmhara, i gcomhar leis an Rannán Comhpháirtíochtaí, le DFHERIS agus leis an Roinn Dlí agus Cirt. |
| An Marc Oideachais Idirnáisiúnta: An scéim a oscailt d'iarratais agus próiseas measúnaithe a chur i bhfeidhm. |
| An Marc Oideachais Idirnáisiúnta: Feachtas poiblíochta a fhorbairt chun tacú le seoladh bhranda an Mhairc Oideachais Idirnáisiúnta. |
| An Marc Oideachais Idirnáisiúnta: Sraith ábhar oiliúna a fhorbairt agus plean oiliúna a chur i bhfeidhm do mheasúnóirí ardoideachais agus do mheasúnóirí Mhúineadh an Bhéarla. |
| An Marc Oideachais Idirnáisiúnta: Straitéis mhonatóireachta agus plean cur i bhfeidhm a fhorbairt do sholáthraithe údaraithe ardoideachais agus Mhúineadh an Bhéarla. |

## **Tosaíocht straitéiseach #forbairt** – forbairt soláthraithe a thiomáint agus a spreagadh

| |
|---|
| ***Beidh cainteanna againn le soláthraithe oideachais pobail chun rochtain a chinntiú dá bhfoghlaimeoirí ar cháilíochtaí oideachais agus oiliúna sa Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí lena n-áirítear trí oibriú i gcomhpháirtíocht le Boird Oideachais agus Oiliúna nuair is cuí*** |
| Rannpháirtíocht leis an Earnáil Phobail agusDheonach amhéadú agus a fheabhsú trí straitéis fhoirmiúil rannpháirtíochta níos struchtúrtha a fhorbairt. |
| ***Tacóimid le hacmhainn chun cláir sholúbtha agus nuálach a fhorbairt agus chun dearbhú cáilíochta láidir a bhaint amach sna Boird Oideachais agus Oiliúna*** |
| An tsamhail chomhaontaithe le haghaidh bailíochtú chláir chomhroinnte BOO a chur i bhfeidhm. |
| Nósanna imeachta agus critéir a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun freagracht a thabhairt do BOOanna maidir le fo-phróisis réamh-bhailíochtaithe agus iar-bhailíochtaithe. |
| Tástáil agus measúnú a dhéanamh ar an gcur chuige agus an modheolaíocht chomhaontaithe le haghaidh athbhreithniú agus nuashonrú ar chaighdeáin dámhachtana an Chórais Comhdhámhachtainí (CAS) i réimse an chúraim sláinte. |
| Samhail na Tuarascála Bliantúla ar Cháilíocht (AQR) a fhorbairt do BOOanna |
| Teimpléid agus treoir athbhreithnithea fhoilsiú do gach formáid iarratais bailíochtaithe. |
| Dréacht-chaighdeán dámhachtana QQI teimpléad L5-L9 agus caighdeáin ghnó QQI ghaolmhara L5-L9 a fhoilsiú le haghaidh comhairliúcháin agus píolótaithe. |
| Athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar bheartais Dhámhachtainí QQI lena n-áirítear Rochtain Tosaigh ar Dhámhachtainí QQI, Cinneadh ar Chaighdeáin Dámhachtana, Beartas agus Critéir Bailíochtaithe agus Dámhachtainí a Dhéanamh. |

| |
|---|
| Seasamh beartais a dheimhniú maidir le leaganacha digiteacha de theastais QQI a eisiúint agus tacú le pleananna cur i bhfeidhm ina dhiaidh sin. |
| Tús a chur le Tuairisciú Bliantúil Cáilíochta san earnáil BOO éis athcheangal. |
| Comhoibriú a dhéanamh leis an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige maidir leis na roghanna cáilíochtaí a scóipeáil chun tacú le forbairt cleachtóirí rialáilte cúraim leanaí ar aois scoile. |
| Oiliúint tosaigh agus athnuachana a chur ar fáil do chathaoirligh painéil, scríbhneoirí tuarascálacha agus comhaltaí. |
| Sraith seimineár gréasáin a óstáil do sholáthraithe, scrúdaitheoirí seachtracha agus fíordheimhnitheoirí. |
| An Próiseas Athbhunaithe Caidrimh a thabhairt chun críche. |
| ***Déanfaimid measúnú ar éifeachtacht agus leabú an dearbhaithe cáilíochta sna hollscoileanna teicneolaíochta nua atá ag athrú i gcónaí trínár n-athbhreithnithe cáilíochta institiúideacha*** |
| Athbhreithniú ar éifeachtúlacht dhearbhú cáilíochta na nOllscoileanna Teicneolaíochta bunaithe trí Athbhreithniú CINNTE. |
| ***Éascóimid uathriail agus solúbthacht mhéadaithe do sholáthraithe aibí trína chur ar a gcumas údarás tarmligthe a lorg chun a ndámhachtainí féin a dhéanamh*** |
| Tús a chur le hathbhreithniú ar éifeachtacht dearbhaithe cáilíochta institiúidí príobháideacha/ neamhspleácha ardoideachais. |
| Iarratais ar Údarás Tarmligthe d'institiúidí príobháideacha ardoideachais a oscailt. |
| ***Spreagfaimid ollscoileanna uathrialacha chun a thaispeáint cé chomh héifeachtach agus atá siad ag déanamh monatóireachta agus ag feabhsú cháilíocht eispéireas an fhoghlaimeora, an taighde agus na rannpháirtíochta pobail*** |
| Beartas nua monatóireachta cáilíochta treasach a bhunú. |
| Leanúint de chomharba do CINNTE a fhorbairt agus leanúint den phróiseas athbhreithnithe don chéad tréimhse straitéiseach eile agus de na timthriallta athbhreithnithe san Ardoideachas agus Breisoideachas agus Oiliúint, lena n-áirítear páipéar uaine ar bheartas nua athbhreithnithe institiúideach treasach. |
| Dearbhú cáilíochta na gclár comhpháirteach a thabhairt chun críche bunaithe ar an gcur chuige Eorpach, de réir mar is gá. |

| **Tosaíocht straitéiseach #léargas** – anailís agus léargas údarásach a fhoilsiú |
|---|
| ***Déanfaimid anailís ar an gcóras breisoideachais agus ardoideachais chun bonn eolais a chur faoi ailíniú agus comhtháthú níos dlúithe, chun fianaise a sholáthar ar an gcaoi ar féidir leis rogha níos leithne a sholáthar ag pointí trasdula agus bealaí dul chun cinn a chumasú ar fud institiúidí éagsúla agus eatarthu*** |
| Cleachtadh scóipeála a dhéanamh chun indéantacht agus luach anailíse ar fhreagairt an chórais oideachais treasaigh ar theacht na saoránach easáitithe ón Úcráin a bhunú. |

***Déanfaimid anailís agus soláthróimid léargas ar shonraí agus ar tjreochtaí dámhachtainí QQI chun soláthraithe, lucht déanta beartas, gníomhaireachtaí maoinithe agus straitéisí rialtais a chur ar an eolas***

Rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara seachtracha a chur i gcrích agus comhaontú ar thosaíochtaí ó ghrúpaí bainistíochta agus rialachais QQI a fháil chun foilsiú chlár oibre taighde agus nuálaíochta trí bliana QQI a chumasú.

***Déanfaimid meastóireacht ar eispéireas na cianfhoghlama agus na foghlama cumaiscthe agus tabharfaimid treoir maidir le measúnú barántúil d'eispéireas agus toradh feabhsaithe d'fhoghlaimeoirí***

Measúnú a dhéanamh ar dhearbhú cáilíochta soláthraithe maidir le Treoirlínte reachtúla dearbhaithe cáilíochta maidir le Cláir Chumaisc agus Cláir atá go hlomlán ar Líne.

Anailís a fhoilsiú ar úsáid an Chórais Comhdhámhachtainí ag foghlaimeoirí chun tacú le gníomhaíocht forbartha caighdeán QQI.

Anailís a fhoilsiú ar ghráid i ndámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna agus Ardoideachais QQI.

***Tarraingeoimid ar ár líonraí suntasacha idirnáisiúnta piarghníomhaireachtaí chun leanúint ar aghaidh ag cuidiú le comhairliúcháin bheartais náisiúnta agus tionchar a imirt orthu***

***Foilseoimid anailísí ar leibhéal an chórais agus óstáilimid imeachtaí feabhsúcháin lena n-áirítear imeacht mullaigh bliantúil le príomhpháirtithe leasmhara ar phríomhthéama straitéiseach a chuimsíonn cáilíocht agus cáilíochtaí***

Imeachtaí bliantúla a óstáil:

- Imeacht Measúnaithe Comhpháirteach QQI /AHEAD DAWN (R2)
- Comhdháil Comhpháirtíochtaí QQI (R4)

Measúnú a Athshamhlú: Próiseas piarmheasúnaithe a riaradh agus imeacht a eagrú chun na torthaí a chur chun cinn tar éis tionscadail taighde a fuair maoiniú deontais a thabhairt chun críche.

Measúnú a Athshamhlú: Anailís ar an athrúchán i rangú céimeanna onóracha baitsiléara 2012-2022 a thabhairt chun críche agus a fhoilsiú, tar éis do na hinstitiúidí rannpháirteacha sonraí cláir agus institiúideacha a sholáthar i R1.

Measúnú a Athshamhlú: Sonraíochtaí a bhunú agus soláthraithe seirbhíse cuí a cheapadh chun tús a chur le hobair chun Treoirlínte Measúnaithe & Caighdeán agus Treoirlínte Dearbhaithe Cáilíochta Measúnaithe do Sholáthraithe de chuid QQI a athbhreithniú.

Measúnú a Athshamhlú: Imeachtaí spriocdhírithe earnála a sheachadadh chun tacú le dearadh agus measúnú torthaí foghlama.

Measúnú a Athshamhlú: Tús a chur le hobair chun na torthaí a phlé le páirtithe leasmhara chun an gá le treoirlínte náisiúnta maidir le scrúdú seachtrach san Ardoideachas a chinneadh, tar éis an taighde maoinithe deontais ar scrúdú seachtrach a bheith curtha i gcrích.

Maoirseacht a dhéanamh ar tháirgeadh anailíse téamaí ar thuairisciú bliantúil cáilíochta & ar imeacht chun na torthaí a scaipeadh agus cleachtas nuálach a thaispeáint.

Treoirlínte reachtúla dearbhaithe cáilíochta a fhorbairt don Fhoghlaim a bhfuil an Obair Comhtháite léi.

| |
|---|
| Raon feidhme tionscadail a fhorbairt chun na bagairtí agus deiseanna don oideachas treasach a eascraíonn as intleacht shaorga a bhreithniú. |
| ***Déanfaimid anailísí ar leibhéal an chórais ar thorthaí athbhreithnithe cáilíochta breisoideachais agus ardoideachais chun cur le cur chuige nua agus nuálaíoch maidir le dearbhú cáilíochta institiúideach a threorú*** |
| Anailís théamach ar na pleananna gníomhaíochta agus tuarascálacha leantacha a eascraíonn as an gcéad athbhreithniú ar dhearbhú cáilíochta i mBOOanna a fhoilsiú. |

| **Príomhchumasóir #comhpháirtíocht** – comhpháirtíochtaí straitéiseacha a neartú chun athrú córais a chur i bhfeidhm |
|---|
| ***Déanfaimid ár ndícheall chun tionchar a imirt ar bheartas tríd an teagmháil atá againn leis an rialtas, le cisteoirí poiblí, le soláthraithe agus le páirtithe leasmhara eile*** |
| Tacú le plé agus rannpháirtíocht straitéiseach trí Fhóram Cáilíochta agus Cáilíochtaí na hÉireann (IQQF). Ballraíocht IQQF a leathnú thar fhoghrúpa tosaigh na gcomhlachtaí dámhachtana reachtúla. |
| Tionscadal T&F a réamh-mheas agus a sheoladh ar nascacht agus comhoibriú idir lucht fiontair, fostóirí, lucht tionscail, gníomhaithe eile sa mhargadh saothair agus an pobal oideachais agus oiliúna, lena n-áirítear QQI. |
| Comhaontú reachtúil (MoU) nua idir ÚAO/QQI a fhoilsiú agus an caidreamh a choimeád dá réir. |
| Comhaontú reachtúil (MoU) nua idir SOLAS/QQI a fhoilsiú agus an caidreamh a choimeád dá réir. |
| Cleachtadh scóipeála a dhéanamh chun suirbhé ar eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar ghairmeacha nach bhfuil páirteach faoi láthair sa Chlár Finding Common Ground a chur chun cinn d'fhonn deiseanna comhpháirtíochta a aithint. |
| Treoirlínte reachtúla dearbhaithe cáilíochta athbhreithnithe a fhoilsiú do Sholáthraithe Clár Printíseachta (faoi réir comhaontú ar an tsamhail). |
| Straitéis cumarsáide a fhorbairt chun tacú le haitheantas cáilíochtaí agus le ról na seirbhíse NARIC laistigh de sin, chun cothabháil a dheanamh orthu agus chun tuiscint níos fearr a chur chun cinn orthu. |
| ***Cuideoimid chun meicníochtaí a fhorbairt le haghaidh rannpháirtíocht éifeachtach foghlaimeoirí i gcáilíocht a n-oideachais agus oiliúna tríd an obair a dhéanaimid le hionadaithe foghlaimeoirí agus comhlachtaí abhcóideachta.*** |
| Leanúint de rannpháirtíocht fhoirmiúil a dhéanamh le comhlachtaí foghlaimeoirí trí rannpháirtíocht sna rudaí seo a leanas:<br>• Grúpaí Stiúrtha agus Comhairleacha an Chláir Náisiúnta Rannpháirtíochta Mac Léinn (NStEP)<br>• Grúpa Anailíse agus Tionchair StudentSurvey.ie<br>• Fóram Náisiúnta Foghlaimeoirí Breisoideachais agus Oiliúna, faoi chathaoirleacht Aontas<br>• Rannpháirtíocht rialta le hAontas na Mac Léinn in Éirinn<br>• Tacaíocht do ghradaim bhliantúla Aontas na Mac Léinn in Éirinn agus Aontas. |

| |
|---|
| ***Méadóimid forbairt acmhainní sna boird oideachais agus oiliúna i gcomhpháirtíocht straitéiseach le húdaráis mhaoinithe, comhlachtaí ionadaíocha soláthraithe agus páirtithe leasmhara eile*** |
| Páirt a ghlacadh i ngrúpaí stiúrtha Bunathrú na Foghlama (straitéis BOO) agus tacú le grúpaí oibre. |
| ***Cuirfimid le forluí i gcleachtais meastóireachta clár a laghdú trí oibriú le comhlachtaí rialála gairmiúla agus reachtúla agus le hinstitiúidí ardoideachais*** |
| Leanúint de rannpháirtíocht na bhForas Gairmiúil, Reachtúil agus Rialála) a leathnú:<br>• Leanúint d'fhormhuiniú na bPrionsabal um Chreidiúnú Gairmiúil a chur chun cinn<br>• Leanúint den obair le PSRBanna ar Finding Common Ground (Teacht ar Chomhthuiscint) (imeachtaí ráithiúla/mol cumarsáide)<br>• Leanúint den rannpháirtíocht i gCoiste Oideachais, Oiliúna agus Caighdeán Bhord Altranais agus Cnáimhseachais na hÉireann. |
| Iniúchadh a dhéanamh le Forais Ghairmiúla, Reachtúla agus Rialála bhreise ar an bhféidearthacht le haghaidh comhtháthú próisis creidiúnaithe. |
| ***Leanfaimid de thionchar a imirt ar dhea-chleachtas i ndearbhú cáilíochta agus cáilíochtaí agus de bheith ag cur leis trínár gcaidrimh straitéiseacha le gníomhaireachtaí comhpháirtíochta san Eoraip agus ar fud an domhain a dhoimhniú.*** |
| Dul i dteagmháil le príomhpháirtithe leasmhara a bhfuil baint acu le haitheantas ar smaointeoireacht, cleachtas agus cur i bhfeidhm reatha chun:<br>• tacú le DFHERIS maidir le forbairtí ar an gCoinbhinsiún um Aitheantas Domhanda.<br>• feiceálacht measúnóirí dintiúr a mhéadú go náisiúnta, le húdaráis aitheantais náisiúnta<br>• leanúint de bheith ag freastal ar riachtanais daoine a bhfuil cáilíochtaí agus taithí foghlama idirnáisiúnta acu, agus ról QQI á shoiléiriú<br>• feasacht a mhúscailt ar Phas Cáilíochtaí Eorpach do Dhídeanaithe agus ar uirlisí eile trí sholáthar faisnéise a thacaíonn le haitheantas a fheabhsú go leanúnach<br><br>Réimse próifílí oideachais agus doiciméad comhairleach a fhoilsiú chun é sin a fhorbairt. |
| Athbhreithniú ENQA ar QQI a thabhairt chun críche (cuairt láithreáin, tuarascáil agus ráiteas freagraí). |

| **Príomh-chumasóir #barr feabhais** – sármhaitheas eagraíochtúil a bhaint amach |
|---|
| ***Déanfaimid deiseanna dár ndaoine óga a fhorbairt agus a sholáthar trí iarrachtaí leanúnacha chun lucht saothair lúfar, gafa, freagrúil agus spreagtha a chur le chéile*** |
| Clár folláine foirne a chur i bhfeidhm agus a fheabhsú de réir moltaí an Mhairc 'Coinnigh Folláin' agus de réir ár seasaimh mar cheann de na 100 cuideachta is fearr ó thaobh folláine de. |
| Leanúint de phleanáil chomharbais, forbairt tallainne, pleananna gníomhaíochta, teacht aniar eagraíochtúla agus creat cumais a chur i bhfeidhm. |
| Cur i bhfeidhm na straitéise AD a thabhairt chun críche chun tacú le seachadadh Ráiteas Straitéise QQI 2022-24 agus pleanáil a dhéanamh maidir le Ráiteas Straitéise nua 2025-2027. |

| |
|---|
| Plean cur i bhfeidhm a fhorbairt chun tacú le Beartas Corparáideach Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe QQI. |
| ***Déanfaimid ionad oibre QQI a athshamhlú trí TFC a úsáid le haghaidh oibre cianda agus cumaisc agus tríd an inbhuanaitheacht a leabú inár gcuid próiseas oibre*** |
| Cur i bhfeidhm na straitéise TFC a thabhairt chun críche chun tacú le straitéis QQI 2022-2024 agus pleanáil a dhéanamh maidir le Ráiteas Straitéise nua QQI 2025-2027. |
| Inlíon na foirne a athfhorbairt. |
| Cibearshlándáil a fheabhsú agus a neartú tuilleadh mar thoradh ar athbhreithniú seachtrach slándála agus painéal méadrachta slándála a fhorbairt chun aithint agus leigheas riosca a rianú. |
| Treochlár gníomhaíochta aeráide a chur i bhfeidhm agus monatóireacht a dhéanamh air, agus mar a chomhlíonfaidh QQI a chuid spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh agus laghdaithe astaíochtaí gás ceaptha teasa á leagan amach. |
| ***Oibreoimid leis an Roinn chun a chinntiú go bhfuil sruthanna ioncaim ag QQI, atá cobhsaí, intuartha agus inbhuanaithe*** |
| Próiseas aisghabhála costas le haghaidh feidhmeanna ALP a thabhairt isteach agus monatóireacht a dhéanamh air & leanúint de rannpháirtíocht a dhéanamh le DFHERIS i ndáil le samhail maoinithe hibrideach (maoiniú bunaithe ar sheirbhís agus ar chineál caidrimh). |
| Sceideal táillí athbhreithnithe agus nuashonraithe QQI a fhoilsiú. |
| ***Cuirfimid feabhas ar ár seirbhísí do sholáthraithe trí theicneolaíocht féinseirbhíse níos fearr agus trédhearcacht fheabhsaithe maidir lenár dtáillí agus ár muirear*** |
| Teicneolaíochtaí TFC a bheachtú, a fheabhsú agus a fhorbairt chun tacú le feidhmiú na bhfeidhmeanna reachtúla nua. Forbairt ALP le haghaidh oscailt iarratais IEM a chríochnú agus leanúint de riachtanais forbartha Díchill Chuí leanúnacha a chomhlíonadh. |
| Leagan nua de QHub a eisiúint, a mbeidh éifeachtúlacht fheabhsaithe d'úsáideoirí aige. |
| ***Cuirfimid feabhas ar ár seirbhís d'fhoghlaimeoirí tríd ár gcórais deimhniúcháin a athrú go foirm dhigiteach*** |
| Lean de phlé tosaigh leanúnach a dhéanamh le hOifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais maidir le teastais QQI a chur san áireamh i sparán digiteach MyGov ID. |
| Tacú le soláthar agus cur i bhfeidhm cruthúnas coincheapa dintiúr digiteach le haghaidh deimhniúcháin. |
| Teastais dámhachtana nua QQI a rolladh amach. |
| ***Déanfaimid ár luach dár ngeallsealbhóirí a uasmhéadú trí úsáid straitéiseach a bhaint as cumarsáid a bhfuil cuspóir leis agus tionchar aige*** |
| Tús a chur le tionscadal chun QQI mar chomhlachta dámhachtana a athbhreithniú. Doiciméad tairisceana a fhoilsiú in R2 agus tús a chur le gníomhaíocht athbhreithnithe in R3. |

| ***Léireoimid an dea-chleachtas de réir an Chóid Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit agus cloífimid le hoibleagáidí reachtúla agus rialála ábhartha*** |
|---|
| Córas aicmithe faisnéise & gnó QQI a leagan amach agus a chur i bhfeidhm. |
| An feabhsú ar chóras bainistithe próiseas gnó QQI a chur i gcrích. |
| Beartas agus próiseas sonraí oscailte QQI a dhearadh agus a chur i bhfeidhm. |
| An Creat Dearbhuithe Bainistíochta saincheaptha a rolladh amach. |
| Ráiteas Straitéise nua QQI 2025-2027 a fhorbairt agus a fhaomhadh. |
| Athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar ár bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí chun tacú le seachadadh an timthrialla iniúchóireachta inmheánaí faofa |
| Comhordú a dhéanamh ar ullmhú tuarascála féinmheasúnaithe agus doiciméadachta coimhdí ghaolmhar chun tacú le hiarratas ar dheimhniú ISSCoP le haghaidh sonraí a bhaineann le dámhachtainí QQI. |
| Support the refresh and update of the Statutory Appeals Panel and Process. Tacú le hathnuachan agus nuashonrú Phainéal agus Phróiseas na nAchomharc Reachtúil. |



# Acrainmneacha a úsáidtear sa Phlean Corparáideach

| | |
|---|---|
| AI | Iomláine Acadúil |
| ALP | Amended Legislation Programme |
| AQR | Tuarascáil Bhliantúil ar Cháilíocht |
| ATP | Rochtain, Aistriú agus Forchéimniú |
| CAS | An Córas Comhdhámhachtainí |
| DFHERIS | An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta |
| ELE | Múineadh an Bhéarla |
| ENQA | European Association for Quality Assurance in Higher Education |
| EQF | An Creat Eorpach um Cháilíochtaí |
| BOO | Bord Oideachais agus Oiliúna |
| BOO | Breisoideachas agus Oiliúint |
| GAIN | An Líonra Domhanda um Ionracas Acadúil. |
| AO | Ardoideachas |
| ÚUA | An tÚdarás um Ardoideachas |
| HEI | Institiúid Ardoideachais |
| HR | Acmhainní Daonna |
| TEF | Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide |
| IEM | An Marc Idirnáisiúnta Oideachais |
| IQQF | Irish Quality and Qualifications Ireland |
| IRQ | Clár Cáilíochtaí na hÉireann |
| ISSCoP | Cód Cleachtais an Chórais Staidrimh Náisiúnta |
| LABs | Forais Cháiliúcháin Liostaithe |
| MT | Meabhrán Tuisceana |
| NAO | An Oifig Náisiúnta Printíseachta |
| NStEP | An Clár Náisiúnta Teagmhála le Mic Léinn |

| | |
|---|---|
| OGCIO | Oifig PríomhoifigeachEolais an Rialtais |
| PEL | Cosaint Foghlaimeoirí Rollaithe |
| PSRB | Forais Ghairmiúla, Reachtúla agus Rialála |
| DC | Dearbhú Cáilíochta |
| QQI | Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann |
| T&F | Taighde & Forbairt |
| TEQSA | The Australian Tertiary Education Quality and Standards Agency |
| ToR | Téarmaí Tagartha |
| TUs | Ollscoileanna Teicneolaíochta |
| USI | Aontas na Mac Léinn in Éirinn |
| RPL | Aitheantas don Réamhfhoghlaim |
| VPL | Bailiochtú don Réamhfhoghlaim |

+353 (0) 1 905 8100

http://qhelp.qqi.ie

www.QQI.ie

@QQI_connect

Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann
Quality and Qualifications Ireland